Bealtaine i nGaillimh 2016

Cad é Bealtaine?

Beidh féile na Bealtaine ar siúl ar feadh mhí na Bealtaine agus ceiliúrfar an chruthaitheacht i measc daoine scothaosta! Glacann na mílte duine scothaosta páirt i bhféile na Bealtaine anois. Ó dhamhsa go scannáin, péinteáil go drámaíocht, léiríonn Bealtaine tallanna agus cruthaitheacht ealaíontóirí scothaosta céaduaire agus gairmiúla.

Gach bliain, tugann Aostacht agus Deiseanna (Age & Opportunity) cuireadh d'údaráis áitiúla, ionaid ealaíon, leabharlanna, grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, ionaid chúraim agus grúpaí pobail ó gach cearn den tír imeachtaí Bhealtaine a reáchtáil a cheiliúrann an chruthaitheacht i measc daoine scothaosta.

Cad atá ag tharlú I gContae na Gaillimhe?

I mbliana arís, tá Comhairle Contae na Gaillimhe, mar chuid de Chlár Cultúir na Gaillimhe a thacaíonn le Daoine Breacaosta, chun ***Bróisiúr Bhealtaine do Chontae na Gaillimhe*** a chur ar fáil chun feasacht a léiriú agus a chruthú ar na himeachtaí agus gníomhaíochtaí iontacha ar fad a bheidh ar siúl ar fud na Gaillimhe.

Ba mhaith linn pé imeacht atá ar siúl agat le haghaidh Fhéile Bhealtaine a chur san áireamh sa bhróisiúr. Cuirfimid d'ócáid san áireamh sa bhróisiúr.

Cad is féidir liom déanamh?

Cuirfimid fáilte roimh bhur smaointí uile maidir le hócáidí nó gníomhaíochtaí. Seo a leanas roinnt samplaí:

- Seisiún ceoil agus damhsa a reáchtáil
- Lá filíochta nó ceardaíochta a eagrú
- Taispeántas ealaíne a óstáil
- Seisiún seanchais a reáchtáil
- Cultúr na hÉireann nó cultúir eile a cheiliúradh i do cheantar féin
- Stair agus oidhreacht do cheantair a cheiliúradh
- Tráthnóna taibhealaíon a reáchtáil
- Ceardlann ar cheamaraí digiteacha a eagrú
- Taitneamh a bhaint as bia

Cén chaoi ar féidir liom páirt a ghlacadh ann?

1. Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlíonadh d'fhonn sonraí a thabhairt dúinn faoi d'imeacht.
2. Is féidir leat foirm iarratais a íoslódáil ag www.galway.ie/bealtaine/ nó cuir glaoch ar 091 509580/509584 chun foirm a fháil tríd an bpost.
3. Cuir chugainn i ríomhphost í chuig bealtaine@galwaycoco.ie **roimh 15 Márta 2016**, nó cuir sa phost í chuig an seoladh thíos.
4. Ansin cuirfimid d'ócáid san áireamh sa bhróisiúr.

Leideanna maidir le hÓcáidí Bhealtaine a Reáchtáil

- **Cuimsigh** a oiread daoine agus grúpaí agus is féidir i bpleanáil na hócáide amhail clubanna áitiúla, ionaid phobail nó spóirt, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, an leabharlann áitiúil agus gnóthaí áitiúla.
- Bí ag smaoineamh faoin **tionchar** a bheidh ag d'ócáid ar an g**comhshaol**. Déan teagmháil le Sinéad Ní Mhainnin, Oifigeach Cúnta Feasachta Comhshaoil na Comhairle ar 091 509566 chun comhairle a fháil maidir le d'ócáid a 'ghlasú'.
- Déan iarracht an ócáid a **chur chun cinn** a oiread agus is féidir mar shampla trí úsáid a bhaint as póstaeir, fógráin, nuachtlitir na paróiste, na meáin áitiúla, na meáin sóisialta agus mar sin de.
- **Féach ar a bhfuil déanta ag daoine eile.** Cliceáil ar www.galway.ie/bealtaine/ chun Bróisiúr na Gaillimhe ó bhlianta roimhe seo a fheiceáil nó caith súil ar shuíomh idirlín náisiúnta Bhealtaine – www.bealtaine.com

Maoiniú (i gContae na Gaillimhe, seachas an Chathair)

Déan iarratas ar mhaoiniú faoin "Scéim Tacaíochta Pobail 2016" má bhíonn maoiniú ag teastáil ó do ghrúpa chun imeacht BEALTAINE a reáchtáil. Tá foirmeacha iarratais agus treoirlínte ar fáil ar www.galway.ie/en/services/artsoffice/funding/communitysupport/ nó glaoigh ar 091 509580/509584.
4p.m., Déardaoin, an 25 Feabhra 2016 is é an dáta deiridh don maoiniú seo.

Bealtaine Festival, Pobail & Fiontar,
Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Cnoc na Radharc, Gaillimhe.

Guthán: 091 509580 nó 509584
R-phost: bealtaine@galwaycoco.ie
Suíomh Gréasáin: www.galway.ie/bealtaine